


# CULTÚR LE CHÉILE

Plean Straitéiseach don Rannán Cultúir 2022-2026

Strategic Plan for Culture Division 2022-2026



Comhairle Contae  
Dhún na nGall  
Donegal County Council




# CLÁR AN ÁBHAIR

## CONTENTS


<b>Caibidil 1:</b> Réamhrá	1
<b>Caibidil 2:</b> Intreoir	3
<b>Caibidil 3:</b> Achoimre Fheidhmeach	7
<b>Caibidil 4:</b> Acrainmneacha	15
<b>Caibidil 5:</b> Luach an Chultúir	17
<b>Caibidil 6:</b> Ár Rannán Cultúir	25
<b>Caibidil 7:</b> Buaicphointí	37
<b>Caibidil 8:</b> Comhthéacs Beartais	47
<b>Caibidil 9:</b> Cur Chuige	53
<b>Caibidil 10:</b> Torthaí an tSuirbhé	57
<b>Caibidil 11:</b> Creat Straitéiseach	63
<b>Aguisíní:</b>	71
Aguisín 1: Tagairtí	73
Aguisín 2: Reachtaíocht, Beartais agus Pleananna	75
Aguisín 3: Punann an Rannáin Chultúir	77
Aguisín 4: Léarscáil de Shuímh an Rannáin Chultúir	79
Aguisín 5: Buiséid Ghlactha	81
Aguisín 6: Fotheidil Grianghraif	83
Aguisín 7: Siombailí Finscéal	87

---

<b>Chapter 1:</b> Foreword	1
<b>Chapter 2:</b> Introduction	3
<b>Chapter 3:</b> Executive Summary	7
<b>Chapter 4:</b> Acronyms	15
<b>Chapter 5:</b> The Value of Culture	17
<b>Chapter 6:</b> Our Culture Division	25
<b>Chapter 7:</b> Highlights	37
<b>Chapter 8:</b> Policy Context	47
<b>Chapter 9:</b> Approach	53
<b>Chapter 10:</b> Consultation Findings	57
<b>Chapter 11:</b> Strategic Framework	63
<b>Appendices:</b>	71
Appendix 1: References	74
Appendix 2: Legislation, Policies and Plans	76
Appendix 3: Culture Division Portfolio	78
Appendix 4: Map of Culture Division Locations	80
Appendix 5: Budgets	82
Appendix 6: Photo Captions	84
Appendix 7: Symbols Legend	88



# RÉAMHRÁ FOREWORD



**John G McLaughlin**  
Chief Executive

**Cllr Liam Blaney**  
Cathaoirleach

**Tá cultúr láidir agus éagsúil i gContae Dhún na nGall atá lárnach inár saolta agus a bhfuil muid an-bhródúil as. Cuidíonn sé linn ár bhféiniúlacht a léiriú agus a cheiliúradh mar mheascán éagsúil daoine lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i nDún na nGall nó atá bainte leis an chontae trí nasc an teaghlaigh, na hoibre nó na staire.**

Tá sé mar aidhm ag *Cultúr le Chéile: Plean Straitéiseach don Rannán Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall 2022-2026* cultúr, teanga, na healaíona, leabharlanna, oidhreacht, litríocht agus teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall. Leagtar amach fíos shoiléir ina ngealltar forbairt chultúrtha go ceann cúig bliana.

Agus muid ag foghlaim ó phaindéim COVID-19, agus, le cuidiú Dé, ag bogadh thairisti, tá cultúr fós ina réalta eolais. Trí chultúr, tugtar fréamhacha dúinn in áit agus i bpobal agus ag an am chéanna faigheann muid léargas ar shaolta eile, naisc fhíorúla nua san áireamh. Tá an Rannán Cultúir ar cheann de na réimsí údarás áitiúil is poiblí a bhaineann le gach aoisghráupa agus gach cuid den chontae, chomh maith le cultúr Dhún na nGall a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gurb ionann infheistíocht sa chultúr agus gealltanás chun contae níos sláintíúla, níos sásta, níos saibhre agus níos rathúla a dhéanamh. Faoin bliain 2026, ba mhaith linn clú Dhún na nGall mar cheannródaí i gcultúr a neartú trínár ngealltanás láidir chun é a forbairt. Tá ceangal orainn go mbeidh luach ard aige sa tsaol cathartha agus go mbeidh Dún na nGall ina chontae ina bhfuil meas agus tuiscint ar chultúr. Neartóidh muid ár n-acmhainní agus ár dtacaíocht sa réimse seo agus oibreoidh muid i gcomhar le daoine eile ar bhonn áitiúil, trastearann, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun é sin a dhéanamh.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hinfeistíocht san forbairt chultúrtha i gcomhar le comhpháirtithe eile, mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Tá muid ag tnúth go háirithe le comhlíonadh lána cmhainneacht na straitéise nua de chuid an Rannáin Chultúir.

**County Donegal has a strong and varied culture which is an integral part of our lives and a source of immense pride. This helps us express and celebrate who we are as a diverse mix of people including those who have made Donegal home or who are connected to the county through ties of family, work or history.**

*Cultúr le Chéile: Strategic Plan for Culture Division, Donegal County Council 2022-2026* seeks to preserve and promote culture, language, arts, libraries and heritage in County Donegal. It sets out a clear vision which commits to cultural development over the coming five years.

As we learn from, and hopefully move beyond, the COVID-19 pandemic, culture continues to be a guiding light. It roots us in a sense of place and community while at the same time providing us with a view into other worlds, including through new-found virtual connections. The Culture Division is one of the most public-facing local authority areas that reaches across all age groups and all parts of the county, as well as building on Donegal culture internationally.

Donegal County Council believes that to invest in culture is a commitment to a healthier, more fulfilled, prosperous, successful county. By 2026, we want Donegal's reputation as a leader in culture to be strengthened by our firm commitment to its development. We are committed to ensuring it is valued as central to civic life and to ensuring Donegal is a county where culture is appreciated and enjoyed. We will strengthen our resources and our supports in this area and will work in partnership with others on a local, cross-border, national and international basis in order to do so.

The Council will continue to invest in cultural development in conjunction with other partners, as set out in the Corporate Plan and the Local Economic & Community Plan. In particular, we look forward to this new Culture Division strategy reaching its full potential.



# INTREOIR

# INTRODUCTION



**Tá an Rannán Cultúir de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall uathúil. Is é an t-aon údarás áitiúil Éireannach ina bhfuil Rannán Cultúir a chuimsíonn leabharlanna poiblí, Oifig Ealaíon an Chontae, Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Músaem an Chontae, Seirbhís Cartlainne agus an Oifig Oidhreachta.**

**Tríd an tsineirge seo idir leabharlanna, na healaíona & oidhreacht, éascaítear comhroinnt saineolais, deiseanna líonraithe agus comhpháirtíochta, tacaíochtaí foirne, agus torthaí níos fearr, agus dá réir sin, déantar tairbhe do dhaoine aonair, do phobail agus don earnáil cultúrtha i gcoitinne.**

**Tá gach gné den Rannán Cultúir ag obair chun na seacht gcuspóir straitéiseacha chéanna a leagtar amach sa straitéis nua seo a bhaint amach:**

1. Ár n-acmhainní le haghaidh cultúir a neartú agus a mhéadú chun freastal ar riachtanais atá ann cheana agus ar éileamh atá ag fás;
2. Caighdeán na beatha agus sláinte a fheabhsú trí éagsúlacht, suim agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcultúr a mhéadú;
3. Tacaíocht a thabhairt do ghairmithe agus do ghrúpaí cultúrtha chun a gcultúr agus a gcruthaitheacht féin a fhorbairt agus chun ómóis áite agus féinaitheantas a threisiú;
4. Dea-chleachtas a úsáid agus a chur chun cinn maidir le bainistíocht agus forbairt an chultúir;
5. Luach an chultúir a chur in iúl;
6. Infheistíocht inár mbonneagar caipitiúil a urrú agus a uasmhéadú;
7. Treoir, comhairle, eolas agus tionchar a thabhairt don fhorbairt chultúrtha.

Seo é an triú pleán straitéiseach chomhtháite don Rannán Cultúir, rud a chuireann leis an dul chun cinn déanta le linn *Cultúr (2016 – 2020)* agus *Cultural Connections (2009 – 2014)*. Áirítear buaicphointe sampla amháin as gach ceann de na sé chuspóir straitéiseacha in Cultúr sa straitéis seo le léiriú an dóigh a n-oibríonn gnéithe an Rannán Chultúir le chéile chun éifeacht a uasmhéadú, agus le léiriú go bhfuil rún ann an straitéis nua seo a thabhairt chun críche leis an chur chuige chomhoibríoch chéanna. Tá níos mó sonraí maidir le héacait agus cláir oibre an Rannán Chultúir sna tuarascálacha bliantúla, agus tá siad seo le fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall ([www.donegalcoco.ie/culture](http://www.donegalcoco.ie/culture)).

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun aitheantas a thabhairt d'fhoireann an Rannán Chultúir as a gcuid diograise, treallúis, gairmiúlachta agus obair chrua agus do thacaíocht ár gcomhpháirtithe. Ba mhaith liom an dá bliaín anuas a lua go háirithe, mar in ainneoin na ndúshlán, na n-athruithe agus na héiginnteachta, níor cuireadh stop linn. D'athraigh muid an cur chuige chun ár spriocanna a bhaint amach, agus an rud is tábhactaí, rinne muid iarracht teagmháil a dhéanamh agus tacú leo siúd ba mhó a raibh ceangal uathu trí léitheoireacht, ceol, stair agus cultúr. D'fhoghlaim muid a lán forsta, agus tabharfaidh muid é seo linn i dtréimhse na straitéis nua cúig bliana, rud a bhfuil muid ag síúl go mór leis agus ár ndóchas agus muinín athneartaithe.

**Eileen Burgess**  
Leabharlannaí an Chontae/Bainisteoir an Rannán Chultúir

**Donegal County Council's Culture Division is unique. It is the only Irish local authority with a Culture Division encompassing public libraries, the County Arts Office, a Regional Cultural Centre, a County Museum, an Archives Service and the Heritage Office.**

**This synergy between libraries, arts & heritage leads to a sharing of expertise, to networking and partnership opportunities, to team supports, and to better results, in turn benefitting individuals, communities and the wider cultural sector.**


**Each component of the Culture Division is working to the same seven strategic goals as set out in this new strategy:**

1. Consolidate and grow our resources for culture to meet existing needs and growing demands;
2. Enhance quality of life and well-being through increasing diversity, engagement and active participation in culture;
3. Support cultural professionals and groups to develop their own culture and creativity and reinforce sense of place and identity;
4. Employ and promote best practice in the management and development of culture;
5. Communicate the value of culture;
6. Secure and maximise investment in our capital infrastructure;
7. Lead, advise, inform and influence cultural development.


This is the third integrated strategic plan for the Culture Division, building on the progress made during *Cultúr (2016 – 2020)* and *Cultural Connections (2009 – 2014)*. One sample highlight from each of the six strategic goals in *Cultúr* is included in this strategy to show how the elements of the Culture Division work together to maximise impact, and to demonstrate the intention to deliver this new strategy with the same collaborative approach. Annual reports provide more detail of the Culture Division's achievements and work programmes, and these can be found on the Donegal County Council website ([www.donegalcoco.ie/culture](http://www.donegalcoco.ie/culture)).

I would like to take this opportunity to acknowledge the dedication, drive, professionalism and sheer hard work of the Culture Division team and the support of our partner organisations. In particular I wish to recognise the most recent two years which, despite all the challenges, the changes and the uncertainty, did not deter us. We adapted our approach to achieve our goals, and in particular we sought to reach and to support those who most needed to connect through reading, music, history and culture. We learned a lot too, and will bring this with us into the new five-year strategy period, which we look forward to with renewed optimism and confidence.

**Eileen Burgess**  
County Librarian/Culture Division Manager



# ACHOIMRE FHEIDHMEACH EXECUTIVE SUMMARY



**Tá cultúr láidir agus éagsúil i gContae Dhún na nGall atá lárnach inár saolta agus a bhfuil muid an-bhródúil as. Is tionchar uilechuimsitheach é ár gcultúr atá ag forbairt, a chuidíonn linn ár bhféiniúlacht a léiriú agus a cheiliúradh mar phobal éagsúil, traidisiúnta agus nua-aimseartha, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i nDún na nGall nó atá bainte leis an chontae trí nasc an teaghlaigh, na hoibre nó na staire.**

*Cultúr le Chéile: Plean Straitéiseach don Rannán Cultúir 2022-2026* leagtar amach fíos shoiléir ina ngealltar go ndéanfar forbairt chultúrtha go ceann cúig bliana agus go ndéanfar cultúr, teanga, na healaíona, leabharlanna agus oidhreacht a chaomhnú agus a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall.

Tacaíonn an Straitéis Chultúir leis na spriocanna maidir le forbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach i gcoitinne atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus go háirithe ag an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2022 ina ngealltar go mbeidh meas ar ár gcultúr agus ár n-acmhainn chruthaitheach, go gcothófar agus go gcuirfear chun cinn iad. Aithníonn an straitéis an ról rithábhachtach a bhíonn ag cultúr chun tosaíochtaí beartais a sheachadadh amhail rochtain, rannpháirtíocht, gníomhú ar son na haeráide, turasóireacht, forbairt gheilleagrach agus phobail.

Ba phróiseas comhoibríoch í forbairt an phlean straitéisigh seo, a threoraign an tAonad Rannáin Chultúir, struchtúr uathúil mar is é an t-aon údarás áitiúil Éireannach amháin ina bhfuil Rannán Cultúir a chuimsíonn leabharlanna poiblí, Oifig Ealaón an Chontae, Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Músaem an Chontae, Seirbhís Cartlainne agus an Oifig Oidhreachta. Mar thoradh air sin, tríd an tsineirge i measc fhoireann an Rannáin Chultúir, éascaítear comhroinnt saineolais, deiseanna líonraithe agus compháirtíocha, tacaíochtaí fairne, rud a chruthaíonn torthaí níos fearr do dhaoine aonair, do phobail agus don earnáil cultúrtha i gcoitinne.

Sa phlean straitéiseach seo cuirtear in iúl fosta dearctaí réimse leathan páirtithe leasmhara ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ón phobal agus is léir ón leibhéal ard aiseolais agus rannpháirtíocha sa phróiseas forbartha straitéise go bhfuil an-suim sa chultúr agus dúthracht dó sa Chontae.

## FÍS

**Cé go mbíonn an comhthéacs beartais agus reachtaíochta a bhaineann le soláthar seirbhísí cultúrtha ag síorathrú, fanann an tiomantas dár bhfís seasmhach:**



**“SPREAGTAR, CUMASAÍTEAR AGUS SAIBHRÍTEAR GACH DUINE INÁR SOCHAÍ TRÍ GHNÍOMHAÍOCHT CHULTÚRTHA.”**

**County Donegal has a strong and varied culture which is an integral part of our lives and a source of immense pride. Our culture is an all-encompassing, evolving force that helps us express and celebrate who we are as a diverse, traditional and modern people including those who have made Donegal home or who are connected to the county through ties of family, work or history.**

***Cultúr le Chéile: Strategic Plan for Culture Division 2022 – 2026 sets out a clear vision which commits to cultural development over the coming five years and seeks to preserve and promote culture, language, arts, libraries and heritage in County Donegal.***

*Cultúr le Chéile* supports the wider social, cultural and economic development aims of Donegal County Council and in particular the Donegal Local Economic and Community Plan 2016 – 2022 which commits to valuing, sustaining and developing our culture and creative resource. The strategy recognises the increasingly important role that culture can play in helping to deliver on key policy priorities in areas such as access, engagement, climate action, tourism, economic and community development.

The development of this strategic plan was a collaborative process led by the Culture Division team, a unique structure in that it is the only Irish local authority with a Culture Division encompassing public libraries, County Arts Office, Regional Cultural Centre, County Museum, Archives Service and Heritage Office. As a result, the synergy between the Culture Division team leads to a sharing of expertise, networking and partnership opportunities which results in better outcomes for individuals, communities and the wider cultural sector.

This strategic plan also reflects the views of a wide range of stakeholders from Donegal County Council and the public, and the high level of feedback and engagement in the strategy development process is testament to the interest and dedication to culture that exists in the County.

## VISION

**Although the policy and legislative context for the delivery of cultural services is constantly evolving, the commitment to our vision remains constant:**



**“WHERE EVERYONE IN OUR SOCIETY IS INSPIRED,  
ENABLED AND ENRICHED BY CULTURAL ACTIVITY.”**

Aithníodh seacht gcuspóir straitéiseacha mar dheiseanna do Chomhairle Contae Dhún na nGall chun síniú ar réimsí faoi leith a dhéanfaidh an tairiscint chultúrtha a fheabhsú agus a forbairt amach anseo. Tabharfaidh siad fócas spriocdhírithe don Rannán Cultúir i rith na cúig bliana atá romhainn, agus leagfar amach na réimsí a bhfuil fócas, infheistíocht agus forbairt straitéiseach speisialta uathu. Oibreoidh gach cuid den Rannán Cultúir i dtreo na seacht gcuspóir céanna lena n-áirítear:

## CUSPÓIR 1

Ár n-acmhainní le haghaidh cultúir a neartú agus a mhéadú chun freastal ar riachtanais atá ann cheana agus ar éileamh atá ag fás.

Is sampla é de ghníomh a dhéanfaidh muid chun an cuspór seo a bhaint amach níos mó infheistíochta sa Rannán Cultúir a mholadh.

## CUSPÓIR 3

Tacaíocht a thabhairt do ghairmithe agus do ghrúpaí cultúrtha chun a gcultúr agus a gcruthaitheacht féin a forbairt agus chun ómós áite agus féinaitheantas a threisiú.

Is sampla é de ghníomh a dhéanfaidh muid chun an cuspór seo a bhaint amach scéimeanna deontais a chur i bhfeidhm chun tacú le gairmithe, grúpaí pobail agus tionscadail a bhaineann le cultúr.

## CUSPÓIR 2

Caighdeán na beatha agus sláinte a fheabhsú trí éagsúlacht, suim agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcultúr a mhéadú.

Is sampla é de ghníomh a dhéanfaidh muid chun an cuspór seo a bhaint amach ár gclár bliantúil imeachtaí cultúrtha atá saor in aisce a neartú agus a forbairt.

## CUSPÓIR 4

Dea-chleachtas a úsáid agus a chur chun cinn maidir le bainistíocht agus forbairt an chultúir.

Is sampla é de ghníomh a dhéanfaidh muid chun an cuspór seo a bhaint amach caomhnú ár mbailiúchán agus ár n-áiseanna a bhaineann le cultúr a fheabhsú.

**Seven strategic goals were identified as opportunities for Donegal County Council to focus on specific areas which will further enhance and develop its cultural offering into the future. They will provide a targeted focus for the Culture Division over the next five years, defining the areas for special strategic focus, investment, and development. Each component of the Culture Division will work to the same seven strategic goals which include:**

## GOAL 1

**Consolidate and grow our resources for culture to meet existing needs and growing demands.**

An example of an action that we will take to achieve this goal is to advocate for increased investment in the Culture Division.

## GOAL 3

**Support cultural professionals and groups to develop their own culture and creativity and reinforce sense of place and identity.**

An example of an action that we will take to achieve this goal is to implement grant schemes to support culture professionals, community groups and projects.

## GOAL 2


**Enhance quality of life and well-being through increasing diversity, engagement and active participation in culture.**

An example of an action that we will take to achieve this goal is to strengthen and develop our annual programme of free cultural events.

## GOAL 4

**Employ and promote best practice in the management and development of culture.**

An example of an action that we will take to achieve this goal is to improve the preservation and conservation of our culture collections, assets, and sites.



## CUSPÓIR 5

**Luach an chultúir a chur in iúl.**

Is sampla é de ghníomh a dhéanfaidh muid chun an cuspóir seo a bhaint amach daoine a chur ar an eolas faoi luach ár gcultúir.

## CUSPÓIR 6

**Infheistíocht inár mbonneagar caipitiúil a urrú agus a uasmhéadú.**

Is sampla é de ghníomh a dhéanfaidh muid chun an cuspóir seo a bhaint amach maoiniú a urrú le clár a chur i bhfeidhm maidir le hathchóiriú, cothabháil agus rochtain ár bhfoirgneamh cultúrtha.

## CUSPÓIR 7

**Treoir, comhairle, eolas agus tionchar a thabhairt don fhurbairt chultúrtha.**

Is sampla é de ghníomh a dhéanfaidh muid chun an cuspóir seo a bhaint amach obair agus saineolas an Rannán Chultúir a imeascadh níos mó le beartais agus cláir oibre Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Tá muid tiomanta do mhonatóireacht agus measúnú leanúnach agus an straitéis á cur i bhfeidhm againn. Leanfaidh an Chomhairle le hinfeistíocht i bhforbairt chultúrtha i gcomhar le comhpháirtithe eile, mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Áitiúil Eachnamaíoch agus Pobail chun leanúint ar aghaidh leis an obair mhaith atá déanta go dtí seo agus chun cuidiú leis an Rannán Cultúir nua seo barr a chumais a bhaint amach.



## GOAL 5

### Communicate the value of culture.

An example of an action that we will take to achieve this goal is to raise awareness of the value of our culture.

## GOAL 7

### Lead, advise, inform and influence cultural development.

An example of an action that we will take to achieve this goal is to further integrate the work and expertise of the Culture Division into Donegal County Council's policies and work programmes.

## GOAL 6

### Secure and maximise investment in our capital infrastructure.

An example of an action that we will take to achieve this goal is to secure funding to implement a programme of refurbishment, maintenance and accessibility to our cultural buildings.

We are committed to ongoing monitoring and evaluation as we progress the implementation of our strategy. The Council will continue to invest in cultural development in conjunction with other partners, as set out in the Corporate Plan and the Local Economic and Community Plan to continue to build on the good work that has been achieved to date and to enable this new Culture Division strategy reach its full potential.



# ACRAINMNEACHA ACRONYMS



<b>CTR</b>	Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta	<b>CLG</b>	Company Limited by Guarantee
<b>CSLDO</b>	Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Daoine Óga	<b>CYPSC</b>	Children and Young People's Services Committees
<b>AE</b>	Aontas Eorpach	<b>EU</b>	European Union
<b>CGFÉ</b>	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann	<b>IBEC</b>	Irish Business and Employers Confederation
<b>CFI</b>	Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta	<b>IDA</b>	Industrial Development Agency
<b>EFCF</b>	Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta	<b>OECD</b>	Organisation for Economic Co-operation and Development
<b>LRP</b>	Lónraí Rannpháirtíochta Pobail	<b>PPN</b>	Public Participation Network
<b>ICR</b>	Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh	<b>RCC</b>	Regional Cultural Centre
<b>EOECNA</b>	Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe	<b>UNESCO</b>	United National Educational, Scientific and Cultural Organization



# LUACH AN CHULTÚIR THE VALUE OF CULTURE





Aithnítear go forleathan gurb é an cultúr anam na sochaí bríomhaire, rud atá curtha in iúl sna bealaí éagsúla a n-insíonn muid scéalta, a ndéanann muid ceiliúradh, a gcuimhníonn muid ar an am atá thart, a ndéanann muid siamsa, agus a samhláíonn muid an t-am atá le teacht. Deiseanna comhroinnte, foghlama, forbartha pearsanta, fóillíochta agus siamsaíochta atá sna heispéiris chultúrtha. Ó mhúsaeim, suímh oidhreachta, leabharlanna agus cartlanna go hamharclanna, pictiúrlanna, stiúideonna damhsa, féilte agus imeachtaí, tugtar daoine le chéile tríd an chultúr.

Agus Cultúr le Chéile á hullmhú, tugadh faoi athbhreithniú ar an taighde is déanaí atá bunaithe ar fhianaise maidir le luach an chultúir. Ba léir ón athbhreithniú go bhfuil an-chuid fianaise ó eagraíochtaí amhail an *Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, an Coimisiún Eorpach agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, an Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta, Fáilte Éireann, an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Oidhreachta* i measc grúpaí eile a dhearbháinn bunluach an chultúir agus an dóigh a mbíonn sé fite fuaite le rannpháirtíocht agus suim sa ghníomhaíocht chultúrtha.

Cuimsíonn cuid mhór den taighde a rinneadh ar luach an chultúir na hearnálacha leathana cultúir agus cruthaitheachta lena n-áirítear na príomhréimsí seirbhíse a sholáthraíonn Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall – na healaíona, cartlanna, leabharlanna, músaeim agus oidhreacht.



**Tá luach an chultúir cumhdaithe in Airteagal 27 de Dhearrbhú Uilechoiteann Chearta an Duine de chuid EOECNA, ina maítear an méid seo a leanas:**

*Tá an ceart ag gach duine a bheith rannpháirteach i saol cultúrtha an phobail, sult a bhaint as na healaíona agus a chuid de thairbhí na forbartha eolaíochta a bheith aige.*



**It is widely recognised that culture is the lifeblood of a vibrant society, expressed in the many ways we tell our stories, celebrate, remember the past, entertain ourselves, and imagine the future. Cultural experiences are opportunities for sharing, learning, personal development, leisure and entertainment. From museums, heritage sites, libraries and archives to theatres, cinemas, dance studios, festivals and events, culture brings people together.**

In preparing Cultúr le Chéile, a review of the most recent evidence-based research on the value of culture was undertaken. The review showed that there is a growing body of evidence from organisations such as the *OECD, European Commission and World Health Organisation, IBEC, IDA, Fáilte Ireland, Department of Education and The Heritage Council* among others that affirm the intrinsic value of culture and how it is inextricably linked to participation in and engagement with cultural activity.

Much of the research conducted on the value of culture encompasses the broad cultural and creative sectors which includes the key service areas provided by Donegal County Council's Culture Division - arts, archives, libraries, museums and heritage.

**The value of culture is enshrined in the UNESCO Universal Declaration of Human Rights Article 27 which states that:**

***Everyone has the right freely to participate in the cultural life of the community, to enjoy the arts and to share in scientific advancement and its benefits.***

# RANNPHÁIRTÍOCHT SA CHULTÚR

Tá fíanaise shuntasach ann a chuireann in iúl go mbíonn rannpháirtíocht sa chultúr fíte fuaite le bunluach na gníomhaíochta cultúrtha a thacaíonn le cruthaitheacht, brí agus cur in iúl.

Is féidir rannpháirtíocht sa chultúr a thuiscent mar dhaoine aonair, amhail ealaíontóirí, údair, staraithe, gairmithe oidhreachta, atá ag obair go díreach agus go follasach ar léiriú an eispéiris chultúrtha féin, mar shampla cumadh ceoil, taighde, caomhnú, amhránaíocht, péintéireacht, scríbhneoireacht, damhsa nó dearadh.

Is féidir rannpháirtíocht sa chultúr a thuiscent fostá mar dhaoine aonair, amhail lucht éisteachta nó lucht féachana, atá ag baint úsáid agus sult as eispéiris agus ábhair cruthaithe ag duine eile ar bhealaí lena n-áirítear éisteacht le ceol, cuairt a thabhairt ar fhoirgneamh oidhreachta, taighde a dhéanamh ar ghinealas, suíomh seandálaíochta a fheiceáil, leabhar a léamh, dul chuig an leabharlann, freastal ar thaispeántas nó léiriú amharclainne.

Tá a fhios againn ón fhíanaise gur féidir le rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht chultúrtha athrú a dhéanamh sa dóigh a smaoinníonn muid ar an domhan agus orainn féin agus is féidir tionchar a imirt ar cheisteanna níos leithne bainte leis an tsochaí agus an gheilleagar amhail na nithe seo a leanas:

## SLÁINTE:

Rinneadh taighde leitheadach ar éifeacht an chultúir maidir le sláinte a fheabhsú agus tá níos mó fíanaise ann go mbíonn éifeacht dhearfach ag leibhéal méadaithe rannpháirtíochta cultúrtha ar an tszláinte. Ba léir é seo le linn na ndianglasálacha mar gheall ar COVID-19. Tá deiseanna nua á n-aithint chun teacht i dtír ar ról an chultúir maidir le cosc agus cóireáil a chur ar thinneas i rith an tsaoil, rud a chuirfidh le réitigh don tszláinte.

## IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA:

Is cumhachtach an rud í rannpháirtíocht sa chultúr chun ionchuimsíú sóisialta a spreagadh agus na cúinsí is cúis le himeallú sóisialta agus eacnamaíochta a mhaolú, agus cúinsí éagsúla amhail ioncam, oideachas agus eitneacht i measc eile san áireamh.

## DUL I NGLEIC LE DÚSHLÁIN NA SOCHAÍ:

Tá ról an chultúir ag fás agus baintear níos mó úsáid as chun dul i ngleic le dúshláin na socháí ón athrú aeráide go neamhionannas sláinte. Is féidir le féinlíriú cruthaitheach an duine, agus léiriú daoine eile trí chultúr, léargas a thabhairt dúinn ar cheisteanna sóisialta, ionas gur féidir linn oibriú i dtreo fíos níos dearfaí den am atá le teacht. Aithnítear go forleathan anois ról an chultúir maidir le saol níos inbhuanaithe a chruthú agus tá sé seo le feiceáil sna Táscairí Téamacha do Chultúr sa Chlár Oibre 2030 (Cultúr|Táscairí 2030) agus i gcur i bhfeidhm náisiúnta agus áitiúil Chuspóirí agus Spriocanna an Chláir Oibre le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid EOECNA.

## CULTÚR AGUS OIDEACHAS:

Is léir go gcuidíonn ról an chultúir san oideachas i mbealaí tábhachtacha le cúinsí atá mar bhonn faoi fhoghlaim, amhail cumas cognáioch, muinín, spreagadh, réiteach fadhbanna agus scileanna cumarsáide.

# PARTICIPATION IN CULTURE

**There is substantial evidence to show that participation in culture is inextricably linked to the intrinsic value of cultural activity that supports creative-exploration, meaning-making and expression.**

**Participation in culture can be understood as individuals, such as artists, authors, historians, heritage professionals, contributing directly and explicitly to the production of the cultural experience itself such as through composing music, research, conservation, singing, painting, writing, dancing or designing.**

Participation in culture can also be understood as individuals, such as audiences, accessing and enjoying the experiences and contents created by someone else in ways that include listening to music, visiting a heritage building, researching genealogy, viewing an archaeological site, reading a book, visiting the library, attending an exhibition or a theatre performance.

Evidence tells us that experiencing and taking part in cultural activity can change the way we think about the world and about ourselves and can also contribute to broader social and economic impacts such as:

## HEALTH AND WELL-BEING:

The contribution of culture to improving health and well-being has been extensively studied and there is growing evidence that increased levels of cultural participation have positive effects on health and well-being. This was evident during the COVID-19 related lockdowns. New opportunities are being identified to capitalise on the role of culture in the prevention and treatment of illness across the lifespan, contributing to solutions for health and well-being.

## SOCIAL INCLUSION:

Participation and engagement with culture can be a powerful driver of social inclusion and help mitigate factors leading to social and economic marginalisation while taking into account a variety of factors such as income, education and ethnicity among others.

## TACKLING SOCIETAL CHALLENGES:

The role of culture is evolving and being used increasingly to tackle societal challenges from climate change to health inequalities. Individual creative expression, and the expression of others through culture, can help us reflect on social issues, so we can work towards a more positive vision of the future.

The role of culture in building a more sustainable world is also now widely recognised and reflected in UNESCO Thematic Indicators for Culture in the 2030 Agenda (Culture|2030 Indicators) and in its contribution to the national and local implementation of the Goals and Targets of the 2030 Agenda for Sustainable Development.

## CULTURE AND EDUCATION:

The role of culture in education has been shown to contribute in important ways to the factors that underpin learning, such as cognitive abilities, confidence, motivation, problem solving and communication skills.

## CULTÚR AGUS AN GEILLEAGAR EISPÉIRIS

Léirítear i dtaighde ar Gheilleagar Eispéiris na hÉireann a choimisiúnaigh CGFÉ in 2021 go bhfuil 330,000 duine fostaithe san earnáil, uimhir a chuimsíonn post as gach cúig ceann san earnáil phríobháideach in Éirinn. Cuimsíonn caiteachas sa gheilleagar eispéiris níos mó ná euro as gach trí euro a chaitheann teaghlaach Éireannach. Seo i gcomparáid le euro as gach ceithre euro san AE.

Is bunschuid den gheilleagar eispéiris í earnáil an chultúir agus is rud í a spreagann nuálaíocht in earnálacha eile lena n-áirítear forbairt réigiúnach, brandáil phobail, turasóireacht áitiúil agus fiontraíocht chruthaitheach.

Cé go raibh tionchar mór ag an phaindéim ar an éiceachóras chultúrtha agus ar an gheilleagar eispéiris i gcoitinne, mar is léir ó thaighde ón Chomhairle Ealaíon agus ón Chomhairle Oidhreachta, nocht an ghéarchéim níos mó ról tábhachtach an chultúir mar phríomhacmhainn le haghaidh seasmhachta, ceangail agus téarnaimh. Trí theicneolaíochtaí digiteacha tá bealaí nua ann festa do dhaoine chun ceangal den chuid is mó le cultúr sa bhaile agus i spás fíorúil an idirlín. Chomh maith leis sin, caithfidh muid glacadh le teicneolaíocht agus nuálaíocht chun eispéiris dhinimiciúla nua a chruthú agus a sheachadadh do chuairteoirí ar aon dul le céarsaí agus iompar tomholtóra atá ag athrú.

Mar gheall ar an ghéarchéim, tá deis ag lucht déanta polasaithe bealaí nua agus samhlaíocha a cheapadh chun an todhchaí a athshamhlú, athsmaoineamh a dhéanamh ar mhúnlá atá ann cheana agus an cultúr a aithint mar bhunschuid den téarnamh eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.



## CULTURE AND THE EXPERIENCE ECONOMY

**Research on Ireland's Experience Economy commissioned in 2021 by IBEC shows that 330,000 people are employed in the sector which accounts for one in five private sector jobs in Ireland. Spending in the experience economy accounts for more than one euro in every three euro spent by an Irish household. This compares to one euro in every four euro in the EU.**

The culture sector is an intrinsic part of the experience economy and is a catalyst for innovation in other sectors including regional development, community branding, local tourism and creative entrepreneurship.

While the pandemic has deeply impacted the entire cultural ecosystem and the wider experience economy, as evidenced by research from the Arts Council and the Heritage Council, the crisis has further revealed the important role of culture as a major resource for resilience, connection and recovery. Digital technologies have also provided new ways for people to connect with culture most commonly in the home and the virtual space of the internet. We also need to embrace technology and innovation to create and deliver new dynamic visitor experiences in line with the changing landscape and consumer behaviour.

The crisis has provided the opportunity for policy makers to devise new and imaginative ways to re-imagine the future, to rethink existing models and recognise culture as an integral part of the economic, social and environmental recovery.





# ÁR RANNÁN CULTÚIR OUR CULTURE DIVISION



**Soláthraíonn Rannán Cultúir  
Chomhairle Contae Dhún na nGall  
seirbhísí don phobal thar sé rannóg  
speisialaithe de sholáthar seirbhísí:**

- SEIRBHÍS EALAÍON AN CHONTAE

- CARTLANNA AN CHONTAE

- OIFIG OIDHREACHTA AN CHONTAE

- LEABHARLANNA POIBLÍ

- MÚSAEM AN CHONTAE

- IONAD CULTÚRTHA RÉIGIÚNACH

Oibreoidh an Rannán Cultúir go dlúth i gcomhar le rannán eile de Chomhairle Contae Dhún na nGall lena n-áirítear Rannóg na Gaeilge, Oifig Scannán, Oifig Fiontair Áitiúil, Aonad Turasóireachta, Aonad Athnuachana, Tionscadal Dhiaspóra Dhún na nGall, Oifig Caomhantais, An tAonad um Chuimsiú Sóisialta, Teicneolaíocht Faisnéise, agus an Oifig Cumarsáide.

**The Culture Division of Donegal County Council provides services to the public across six specialised sections of service provision:**

- COUNTY ARTS SERVICE

- COUNTY ARCHIVES

- COUNTY HERITAGE OFFICE

- PUBLIC LIBRARIES

- COUNTY MUSEUM

- REGIONAL CULTURAL CENTRE

The Culture Division also work closely with other sections in Donegal County Council including Oifig na Gaeilge, the Film Office, Local Enterprise Office, Tourism Unit, Regeneration Unit, Donegal Diaspora Project, Conservation Office, Social Inclusion Unit, Information Technology, and the Communications Office.



# AN OBAIR A DHÉANANN MUID

## WHAT WE DO



### SEIRBHÍS EALAÍON

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon i gcomhar le réimse leathan grúpaí ealaíon, luchtanna oideachais, grúpaí agus líonraí pobail, agus gníomhaireachtaí forbartha chun an earnáil ealaíon áitiúil a neartú agus rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a chur chun cinn agus a shaibhriú. Tá clár nua oibre agus coimisiún i bhfeidhm ag an tseirbhís forsta, a dhírionn, den chuid is mó, ar dhul chun cinn ealaíontóirí gairmiúla na háite agus a chuireann comhairle agus cuidiú ar fáil nuair is gá, le clár Ealaíne Poiblí na Comhairle a chur chun cinn. Tá an clár gníomhach le níos mó ná fiche bliain agus go dtí seo bronnadh agus seachadadh beagnach seachtó coimisiún i gcomhar le tionscadail chaipítil thar sheirbhísi ar fad na Comhairle.

Tá Amharclann an Ghrianáin faoi úinéireacht Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus faoi mhaoiniú i bpáirt, agus reáchtálann Bainistíocht Amharclainne Leitir Ceanainn CTR í go neamhspleách trí Chomhaontas Úsáide Cultúrtha. Go dtí seo, d'fhreastail níos mó ná milliún duine ó Chontae Dhún na nGall agus ó níos faide ar shiúl ar imeachtaí san amharclann. Bhain na mílte eile sult as léiriúcháin na hamharclainne a théann ar camchuairt go rialta ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

Tá Ionad Ealaíon na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh, faoi úinéireacht agus mhaoiniú Chomhairle Contae Dhún na nGall forsta, agus reáchtálann Bainistíocht Ionad na Mainistreach CTR é trí chomhaontas léasa. Rinneadh athchóiriú leitheadach agus uasghrádú teicniúil air le déanaí, a chómhaoinigh an Chomhairle agus an Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus cuireann ionad Ealaíon na Mainistreach clár measctha ar fáil, a bhfuil an-tóir air, de scannáin, drámaí, ceol agus imeachtaí pobail.

### ARTS SERVICE

The Arts Service works in partnership with a broad range of arts groups, educational interests, community groups and networks, and development agencies to strengthen the local arts sector and to further and enrich the community's engagement with the arts. The service also operates a successful new work and commissions programme, focusing, in the main, on the advancement of locally based professional artists and provides advice and assistance when required, in the furtherance of the Council's Public Art programme. The programme has been active for over two decades and to-date almost seventy commissions have been awarded and delivered in tandem with capital projects across all Council services.


An Grianán Theatre is owned and part-funded by Donegal County Council and is managed independently through a Cultural Use Agreement by Letterkenny Theatre Management CLG. To date, the theatre has played host to audiences of over one million people drawn from throughout County Donegal and beyond. Many thousands more have enjoyed the theatre's own in-house productions which tour regularly throughout the Republic of Ireland and Northern Ireland.

The Abbey Arts Centre, Ballyshannon is also owned and funded by Donegal County Council and is managed independently through lease agreement by the Abbey Centre Management CLG. Having recently undergone an extensive refurbishment and technical upgrade, jointly funded by the Council and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, the Abbey Arts Centre presents a popular mixed programme of film, theatre, music and community events.



Bhunaigh Comhairle Contae Dhún na nGall Féile Ealaón an Earagail in 1989 agus anois reáchtálann Bainistíocht Fhéile Ealaón an Earagail CTR go neamhspleách í. Bíonn an fhéile ar siúl ar fud Thuaisceart agus Iarthar Dhún na nGall i mí Iúil, agus is í an phríomhfhéile ealaón ildisciplíneach bhliantúil san Iarthuaisceart. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, an Chomhairle Ealaón, Fáilte Éireann agus Ealaín na Gaeltachta i measc príomh-mhaoinitheoirí na féile.

Earagail Arts Festival was initiated in 1989 by Donegal County Council and is now administered independently by Earagail Arts Festival Management CLG. Taking place throughout North and West Donegal in July, the festival is the North West's premier multi-disciplinary, annual celebration of the arts. Its core funders include Donegal County Council, The Arts Council, Fáilte Ireland and Ealaín na Gaeltachta.



## SEIRBHÍS CARTLAINNE

Is éard a dhéanann an tSeirbhís Cartlainne ná cartlanna de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, comhlachtaí a bhí ann roimpi agus eagraíochtaí poiblí eile na háite a bhailiú, a chaomhnú, agus iad a chur ar fáil. Faigheann an tSeirbhís cartlanna ó thaisceoirí priobháideacha fosta a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr Chontae Dhún na nGall. Tá an tSeirbhís Cartlainne freagrach as bainistíocht thaifid neamhreacha na Comhairle Contae. Tá an tSeirbhís Cartlainne, an áis taighde dá cuid san áireamh, lonnaithe i Leifear.


Oibríonn an tSeirbhís Cartlainne i gcomhar le cuid mhór grúpaí agus eagraíochtaí agus, trína clár for-rochtana, tá sé mar aidhm aici cartlanna a thabhairt chuig an phobal i gcoitinne. I measc na seirbhísí atá ar fáil tá cuidiú do thaighdeoirí, seilbh a ghlaicadh agus digitíú a dhéanamh ar bhailiúcháin, cláir oideachais agus foilseacháin a bhfuil téama acu. Mar chuid de na gníomhaíochtaí for-rochtana bíonn cainteanna agus ceardlanna, taispeántais agus rannpháirtíocht i bhférilte agus imeachtaí áitiúla agus náisiúnta lena n-áirítear cláir chuimhneacháin amhail Deich mBliana Chomóradh an Chéid.

## ARCHIVES SERVICE

The Archives Service acquires, preserves and makes accessible the archives of Donegal County Council, its predecessor bodies and other local public organisations where applicable. The Service also acquires archives from private depositors which relate to the history, heritage and culture of the county of Donegal. The Archives Service is responsible for the management of the County Council's non-current records. The Archives Service, including its research facility, is based in Lifford.

The Archives Service works in partnership with many groups and organisations and, through its outreach programme, aims to bring archives to the wider community. Services include, assisting researchers, acquisition and digitisation of collections, education programmes and themed publications. Outreach activities include giving talks and workshops, exhibitions and involvement in local and national festivals and events including commemorative programmes such as the Decade of Centenaries.





## OIFIG OIDHREACHTA CHONTAE DHÚN NA NGALL

Bunaíodh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i mí an Mheithimh 2003 sa Rannán Cultúir nuair a ceapadh an chéad Oifigeach Oidhreachta i gContae Dhún na nGall. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta do "oidhreacht a chur i gcroílár an tsaoil phoiblí" i gContae Dhún na nGall mar a moladh sa chéad Phlean Oidhreachta Náisiúnta. Is é ról Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall daoine a chur ar an eolas faoi oidhreacht chultúrtha, thíos agus nádúrtha; comhairle agus eolas maidir le ceisteanna oidhreachta a sholáthar don phobal agus d'fhoireann Chomhairle Contae Dhún na nGall; sonraí a bhailíú agus taighde a dhéanamh ar ghnéithe d'oidhreacht Chontae Dhún na nGall; dea-chleachtas maidir le ceisteanna oidhreachta a chur chun cinn; beartas oidhreachta a fhorbairt agus Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall cúig bliana straitéiseach a chur i bhfeidhm i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, leis an Chomhairle Oidhreachta, le príomhpháirtithe leasmhara agus le pobail áitiúla. Is comhthionscnamh é post an Oifigigh Oidhreachta idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus an Chomhairle Oidhreachta faoin Chlár Oifigigh Oidhreachta.

## COUNTY DONEGAL HERITAGE OFFICE

The County Donegal Heritage Office was established in June 2003 in the Culture Division with the appointment of County Donegal's first Heritage Officer. Donegal County Council is committed to 'placing heritage at the heart of public life' in County Donegal as advocated in the first National Heritage Plan. The role of the County Donegal Heritage Office is to raise awareness of County Donegal's cultural, built and natural heritage; to provide advice and information on heritage matters to the public and Donegal County Council staff; to collect data and conduct research on aspects of County Donegal's heritage; to promote best practice in relation to heritage matters; to develop heritage policy and to implement the five-year strategic County Donegal Heritage Plan in association with the County Donegal Heritage Forum, The Heritage Council, key stakeholders and local communities. The Heritage Officer post is a joint initiative between Donegal County Council and The Heritage Council under the Heritage Officer Programme.



## SEIRBHÍS LEABHARLAINNE

Tá líonra leabharlann ar fáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall mar spásanna cultúrtha chun tacú le saol an phobail agus le féinfehorbairt aonair. Tá an Lárleabharlann i gcroílár an líonra, agus 8 leabharlann phobail (Bun Cranncha, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Gaoth Dobhair, Leifear, Baile na nGallóglach, Na Rosa agus na Bailte Naschta) agus 4 leabharlann bhrainse (Béal Átha Seanaidh, Dún na nGall, Bun an Phobail, agus Ráth Bhoth) ar fud an chontae. Cuireann áiteanna for-rochtana pobail Taobh Tíre agus Leabharlann Taistil Trasteorann leis an líonra seo. Is é Fís na seirbhise leabharlainne poiblí mar a leagtar amach in Ár Leabharlanna Poiblí 2022 ná gur "Spásanna mealltacha agus fáilteacha iad leabharlanna poiblí inár féidir le gach ball den phobal rochtain a fháil ar eolas, smaointe agus faisnéis, agus machnamh, ceangal agus foghlaim a dhéanamh."

Tá Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall tiomanta do na nithe seo a leanas a chur chun cinn: foghlaim ar feadh an tsaoil, feabhsú pearsanta agus gairmiúil, sláinte, agus grá don léitheoireacht. Trí leabharlann agus seirbhís faisnéise nua-aimseartha a chur ar fáil, tá an Chomhairle ag iarraidh an riachtanas le haghaidh eolas ginearálta oideachasúil agus an chruthaitheacht i gcoitinne a shásamh, tacú le daoine atá ag cuardach eolais, agus freastal ar shuim an phobail sa léitheoireacht agus sna healaíona. Tá seirbhís iasachta, taighde, tagartha, idirlín agus Wi-Fi ar fáil i leabharlanna Dhún na nGall chomh maith le réimse leathan seirbhísí ar líne lena n-áirítear ríomhleabhair, closleabhair, ríomhirisí, nuachtáin, cursaí ar líne, acmhainní taighde ar líne agus a thuilleadh nach iad.

## LIBRARY SERVICE

Donegal County Council provides a network of libraries as cultural spaces to support community life and individual self-development. The network includes the Central Library at its core, with 8 community libraries (Buncrana, Bundoran, Carndonagh, Gaoth Dobhair, Lifford, Milford, Na Rosa and Twin Towns) and 4 branch libraries (Ballyshannon, Donegal Town, Moville, and Raphoe) throughout the county. Taobh Tíre community outreach points and a Cross Border Mobile Library supplement this network. The vision for the public library service as outlined in *Our Public Libraries 2022* is that "Public libraries are attractive and welcoming spaces where all members of the community can access knowledge, ideas and information, and where people can reflect, connect and learn."

Donegal Library Service is dedicated to the promotion of lifelong learning, personal and professional enrichment, health and wellbeing, and a love of reading. By providing a modern library and information service the Council seeks to meet the need for general education, information and recreation, to support the quest for knowledge, and to meet the public's interest in reading and the arts. Donegal libraries provide lending, research, reference, Internet and Wi-Fi services as well as a wide range of online services including eBooks, eAudiobooks, eMagazines, eNewspapers, online courses, online research resources and lots more.





Tá foireann oilte i leabharlanna Dhún na nGall a thugann treoir agus tacaíocht i réimse ábhar lena n-áirítear:

- **Léitheoireacht agus litearthacht**
- **Foghlaim ar feadh an tsaoil idir óg agus aosta**
- **Gnó agus fostaíocht**
- **Maireachtáil shláintíúil agus sláinte**
- **Eolas ar an Aontas Eorpach, agus**
- **Stair áitiúil agus mhuintire**

Bíonn clár bliantúil imeachtaí ag leabharlanna Dhún na nGall fostá lena n-áirítear Seachtain na Gaeilge, Léim Isteach san Am Scéalaíochta, Bealtaine, Cruinníú na nÓg, Réaltaí an tSamhraidh, Seachtain Oidhreachta, Wainfest, Seachtain na hEolaíochta agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann Áitiúil.

Donegal libraries have skilled staff who provide guidance and support across a range of areas including:

- **Reading and literacy**
- **Lifelong learning for all ages**
- **Business and employment**
- **Healthy living and wellbeing**
- **Information on the European Union, and**
- **Local and family history**

Donegal libraries also provide an annual programme of events including Seachtain na Gaeilge, Spring into Storytime, Bealtaine, Cruinníú na nÓg, Summer Stars, Heritage Week, Wainfest, Science Week and Family Time At Your Library.

## MÚSAEM CHONTAE DHÚN NA NGALL

Tá Músaem Chontae Dhún na nGall lonnaithe i seanfhoirgneamh cloiche, a bhíodh mar chuid de Theach na mBocht Leitir Ceanainn, a osclaíodh in 1845. Sa Mhúsaem, déantar fianaise ábhartha agus eolas a bhaineann léi maidir le hoidhreachtaí an Chontae a bhailíú, a thaifeadadh, a chaomhnú agus brí a bhaint aisti ar mhaithe le pobail an Chontae.

Sa ghailearaí ar an chéad urlár den Mhúsaem insítear scéal Dhún na nGall ó aimsir na réamhstaire go dtí an fichiú haois trí dhéantáin, cartlanna agus íomhánna. Bíonn taispeántais shealadacha, a chumhdaíonn réimse leathan téamaí, ar siúl sa ghailearaí ar urlár an talaimh i rith na bliana. Eagraítear clár bliantúil éagsúil imeachtaí sa Mhúsaem féin agus in ionaid ar fud Dhún na nGall i gcomhar le grúpaí áitiúla agus eagraíochtaí náisiúnta. Tugtar comhairle agus treoir do thraigheoirí, mic léinn, grúpaí pobail agus eagraíochtaí eile ar thopací éagsúla a bhaineann le seandálaíocht agus stair an chontae. Tá Creidiúnú lomlán bainte amach ag an Mhúsaem sa Chlár Chaighdeáin Mhúsaeim na hÉireann agus is Músaem Ainmhithe é le haghaidh bailiúchán déantáin sheandálaíochta, faoi Acht na Séadchomharthaí (Leasú), 1994, agus faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

## DONEGAL COUNTY MUSEUM

Donegal County Museum is based in an old stone building, once part of Letterkenny Workhouse, which opened in 1845. The Museum collects, records, preserves and interprets the material evidence and associated information of the County's heritage for the benefit of its communities.

In the first-floor gallery the Museum tells the story of Donegal from Prehistory to the Twentieth Century through artefacts, archives and images. Temporary exhibitions, covering a wide range of themes, are held in the ground floor gallery throughout the year. The Museum organises a varied annual programme of events both in the Museum and in venues throughout Donegal in association with local groups and national organisations. The Museum provides advice and guidance to researchers, students, community groups and other organisations on diverse topics relating to the archaeology and history of the county. The Museum has achieved Full Accreditation in the Museum Standards Programme of Ireland and is a Designated Museum for the collection of archaeological artefacts, under the National Monuments (Amendment) Act, 1994, and the National Cultural Institutions Act, 1997.

## IONAD CULTÚRTHA RÉGIÚNACH

Tá foirgneamh an Ionad Chultúrtha Régiúnaigh, ag a bhfuil duaiseanna buaite agus a dhear MacGabhann Architects, ar cheann de na saoráidí ealaón is breátha in Éirinn. Maíodh i léirmheas mór san Irish Times faoin "fhoirgneamh ealaón nua éachtach i Leitir Ceanainn go gcuireann sé Dún na nGall i gcomhthéacs idirnáisiúnta in áit a bheith ar an imeall". Is é fíos Chomhairle Contae Dhún na nGall don Ionad Cultúrtha Régiúnach (ICR) treoir agus cuidiú a thabhairt don fhorbairt chultúrtha i gContae Dhún na nGall agus in áiteanna eile, agus cuidiú le forbairt sa Chontae i coitinne trí chultúr.

Is iad amharc-ealaíona, ceol, scannán agus meáin dhigiteacha, agus ealaíona oideachais/pobail príomhréimsí an chláir. Tá clár lán le gníomhaiochtaí ar ardchaighdeán eagraithe ag an Ionad ó osclaíodh in 2007 é, agus cuid shuntasach de shin i gcomhar le comhlacthaí cultúrtha, pobail agus reachtúla sa réigiún agus in áiteanna eile. Oibríonn an ICR go dlúth le gnéithe eile de Rannán Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall. Faigheann an clár maoiniú bliantúil ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, ón Chomhairle Ealaón agus ó mhaoiniú tionscadail ó fhoinsí éagsúla.

## REGIONAL CULTURAL CENTRE

The award-winning Regional Cultural Centre building, designed by MacGabhann Architects, is one of the finest arts facilities in Ireland. A major Irish Times review stated that "Letterkenny's impressive new arts building places Donegal in an international context rather than on the periphery". Donegal County Council's vision for the Regional Cultural Centre (RCC) is to lead and assist cultural development in County Donegal and beyond, and to assist wider development in the County through culture.

The main programme areas are visual arts, music, film & digital media, and education / community arts. The Centre has organised a very full programme of high-quality activities since it opened in 2007, a significant proportion of which have been organised in partnership with cultural, community and statutory bodies in the region and beyond. The RCC works particularly closely with the other elements of Donegal County Council's Culture Division. The programme is made possible by annual funding from Donegal County Council, the Arts Council and project funding from a variety of sources.





# BUAICPHPOINTÍ HIGHLIGHTS



**Tá cuid de ghaiscí an Rannáin  
Chultúir le feiceáil sna buaicphointí a  
leanas faoi gach Cuspóir *Cultúr: Fís  
Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúir  
2016-2020.***

**1. Rannpháirtíocht an phobail**  
– Clár Cholmcille 1500

**2. Obair agus foghlaim ar feadh an tsaoil  
atá pobalghníomhach**  
– Ábhair oideachais

**3. Tacú leis na healaíona agus le  
heagraíochtaí ealaíon**  
– Comhpháirtiochtaí Straitéiseacha

**4. Oidhreacht chultúrtha a chaomhnú  
agus a chur chun cinn**  
– Ar Lorg Teach Dúchasach Dhún na nGall

**5. Caidrimh a chruthú le páirtithe leasmhara  
agus chomhpháirtithe**  
– Tionscadal Forbartha Lucht Éisteachta/Féachana

**6. Seirbhísí cultúrtha inbhuanaithe ar ardchaighdeán**  
– Cláir ar Líne

**The following highlights represent  
some of the Culture Division's  
achievements under each of the  
Goals of *Cultúr: A Strategic Vision for  
Cultural Services 2016-2020.***

**1. Public engagement**  
– Colmcille 1500 programme

**2. Socially engaged work and life-long learning**  
– Educational materials

**3. Supporting arts and arts organisations**  
– Strategic Partnerships

**4. Conserve and promote cultural inheritance**  
– In Search of the Vernacular Cottage

**5. Building relationships with stakeholders  
and partners**  
– Audience Development Project

**6. Sustainable high quality cultural services**  
– On-Line Programming



# CUSPÓIR 1

## RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

### Colmcille 1500

Comóradh bliana a bhí in Colmcille 1500 chun ceiliúradh a dhéanamh ar 1500 bliain ó rugadh Colmcille. Chomhordaigh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Bháin clár ina raibh réimse imeachtaí agus gníomhaiochtaí chomh maith le scéim deontais, margáocht agus bainisteoir tionscadail. Tharla níos mó ná 140 imeacht le linn 2021 a d'eagraigh comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

Thug Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall treoir, coimisiún nó tacaíocht do 20 tionscadal Cholmcille 1500 le linn na bliana, lena n-áirítear, taispeántais i Músaem Chontae Dhún na nGall, sa Lárleabharlann agus san Ionad Cultúrtha Réigiúnach; léiriúchán Amharclann an Ghrianáin de 'The Enemy Within' de chuid Brian Friel; agus oibríochtaí caomhnaithe ar dhá shuíomh oidhreachta a bhaineann le Colmcille; chomh maith le cruthú acmhainní oidhreachta amhail pacáiste oideachais, gearrscannáin, beochaintí, turais fhíorúla 3T, foilseacháin, clostreoir agus coimisiúin nua cheoil agus ealaíne.

Ag deireadh na bliana d'eagraigh an Rannán Cultúir imeachtaí móra chun breithlá Cholmcille a cheiliúradh i mí na Nollag 2021. Tugadh suímh a bhfuil nasc acu le Colmcille le chéile ag imeacht idirnáisiúnta ar líne agus tharla 'imeacht clabhsúir' i nGartán inar thug Méaraí an dá Chomhairle óráid agus inar taispeánadh beochaintí na bpáistí den chéad uair, a cruthaíodh trí Thionscadal Digiteach Béaloidis na Scoileanna. I measc imeachtaí eile bhí nochtadh dealbh nua ealaíne poiblí de Cholmcille cóngarach do Chill Mhic Réanáin agus teilgean íomhána digiteacha ar shuíomh i nGartán mar chuid den tionscadal soilsithe 'Coinneal Cholmcille' ar fud na hÉireann agus na hAlban.

# GOAL 1

## PUBLIC ENGAGEMENT

### Colmcille 1500

Colmcille 1500 was a year-long commemoration marking the 1500th anniversary of Colmcille's birth. Donegal County Council and Derry City and Strabane District Council co-ordinated a joint programme covering a range of events and activities as well as a grants scheme, marketing and a project manager. Over 140 events took place during 2021 organised by local, regional and national partners.

Donegal County Council's Culture Division led, commissioned or supported 20 Colmcille 1500 projects for the year. These included, exhibitions at Donegal County Museum, Central Library and the Regional Culture Centre; An Grianán Theatre's production of Brian Friel's 'The Enemy Within'; and conservation works at two Colmcille heritage sites; as well as the creation of legacy resources such as an education pack, short films, animations, 3D virtual tours, publications, an audio-guide and new music and art commissions.

The year culminated in key events organised by the Culture Division to mark Colmcille's birthday in December 2021. An international online event brought together locations with a connection to Colmcille whilst a 'closing event' in Gartan addressed by the Mayors of both Councils included the premiere of children's animations created through the Digital Schools Folklore Project. Other events included the unveiling of a new Colmcille public art sculpture near Kilmacrennan and the projection of digital images onto sites in Gartan as part of the 'Coinneal Cholmcille' illuminations project across Ireland and Scotland.

# CUSPÓIR 2

## OBAIR AGUS FOGLAIM AR FEADH AN TSAOIL ATÁ POBALGHNÍOMHACH

### Ábhair oideachais

Tá an Rannán Cultúir tiomanta do bhearta agus tionscadail atá comhoibríoch, pobalbhunaithe agus pobalghníomhach. Mar chuid de chlár imeachtaí comórtha céad bliain 1916-2016, chuir an tSeirbhís Cartlainne, Músaem an Chontae, an Oifig Oidhreachta agus an tSeirbhís Leabharlainne pacáiste oideachais ar fáil do mheánscoileanna (as Béarla agus as Gaeilge), dar teideal *Ón Imeall: Contae Dhún na nGall i 1916*. Samhlaíodh go mbeadh an pacáiste ina chuidiú le daltaí agus iad ag iarraidh sochaí agus cultúr Dhún na nGall i 1916 a thuiscent agus go léireofaí cultúr ábhartha an Chontae trí chartlanna agus déantáin. Díríodh an pacáiste ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí, chomh maith le grúpaí staire agus daoine aonair a bhfuil suim acu sa tréimhse thábhachtach seo den stair. Fuair an tionscadal maoiniú i bpáirt ón Chomhairle Oidhreachta.

Leabhrán maisithe 64-leathanach a bhí sa phacáiste, ina raibh caibidlí ar stair pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíoch an chontae ag am Éirí Amach 1916, mar aon le 19 mbileog oibre/macásamhail de chartlanna agus déantán ábhartha. Tugadh an pacáiste amach go forleathan do mheánscoileanna, do dhaltaí sa chúigiú rang agus sa séú rang agus do ghrúpaí oidhreachta agus staire. Bhain Músaem an Chontae agus an tSeirbhís Cartlainne úsáid as an phacáiste chun sraith ceardlann scoile agus phobail a dhéanamh ar an téama 'An Saol i nDún na nGall 100 bliain ó shin'. Thug scoileanna ar fud an chontae cuairt ar Músaem an Chontae chun an taispeántas *Dún na nGall in 1916* a fheiceáil.

# GOAL 2

## SOCIALLY ENGAGED WORK AND LIFE-LONG LEARNING

### Education materials

The Culture Division is committed to collaborative, community based, socially engaged actions and projects. As part of the 1916-2016 centenary programme of events, the Archives Service, County Museum, Heritage Office and Library Service produced an education pack for secondary schools (in English and Irish), entitled *From the Edge: County Donegal in 1916*. It was envisaged that the pack would assist students in understanding society and culture in Donegal in 1916 and that it would communicate the material culture of the county through key archives and artefacts. The pack was aimed at students and teachers, as well as history groups and individuals with an interest in this critical period in our history. The project was part funded by The Heritage Council.

The pack consisted of a 64-page illustrated booklet with chapters on the political, social and economic history of the county at the time of the 1916 Rising, plus 19 worksheets/facsimiles of relevant archives and artefacts. The pack was distributed widely to secondary schools, fifth and sixth class students and heritage and history groups. Utilising the pack, the County Museum and Archives Service carried out a series of school and community workshops on the theme of 'Life in Donegal 100 years ago'. Schools from across the county visited the County Museum to view the exhibition *County Donegal in 1916: Our Story*.

# CUSPÓIR 3

## TACÚ LEIS NA HEALAÍONA AGUS LE HEAGRAÍOCHTAÍ EALAÍON

### **Tacú leis na healaíona agus le heagraíochtaí ealaíon**

Cuireann an Chomhairle réimse leathan tacáiochtaí, díreach agus indíreach, ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon ar fud an chontae. Comhlíontar gealltanais mhóra bhliantúla mhaoinithe d'Amharclann an Ghrianáin, d'Fhéile Ealaíon an Earagail, d'Fhéile Damhsa Aerga na hÉireann agus d'Ionad Ealaíon na Mainistreach, chomh maith le lónra eagraíochtaí neamhspleácha ealaíon lena n-áirítear Ionad Ealaíon Bhalor agus Ealaíona Forbartha Pobail Bhalor, Amharclann Ghaoth Dobhair, Artlink ag an Dún Riabhach, An Gailearaí, grúpaí ealaíontóirí an Chosáin Ghais agus Summer Palace Press. Cuireadh túis le Scéim Sparánachta na nEalaíontóirí in 2020, lena mbronnadh 88 sparánacht ar ealaíontóirí aonair ón chontae. Daingníodh an tionscnamh sa Chreat-Chomhaontú Rannpháirtíochta a rinne an Chomhairle leis an Chomhairle Ealaíon le déanaí. Cuireadh tacáiochtaí suntasacha breise i dtreo ealaíontóirí trí na clár Éire Ildánach agus Deich mBliana Chomóradh an Chéid agus an Scéim chun Tacú le Taibhiú Beo Áitiúil. Chuidigh an Chomhairle le healaíontóirí níos mó trí shaothair nua a choimisiúnú, trí chónaitheachtaí ealaíontóra agus deiseanna forbartha gairmiúla a chruthú agus trí ardáin a chur ar fail do léiriú oibre ealaíonta san Ionad Cultúrtha Réigiúnach (ICR) go háirithe, ach fost a tríd an chlár féilte a reáchtálann an Chomhairle go díreach, lena n-áirítear Seachtain an Cheoil Thraigisiúnta i Leitir Ceanainn, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Cruinníú na nÓg, Seachtain na hOidhreachta, Oíche Chultúir, Wainfest agus Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm. Ina theannta sin, bhí an-éifeacht ag tionscnaimh chomhoibríocha amhail an ICR agus Lónra Amharc-ealaíontóirí Dhún na nGall de chuid Artlink sa réimse seo.

# GOAL 3

## SUPPORTING ARTS AND ARTS ORGANISATIONS

### **Supporting arts and arts organisations**

The Council provides a wide range of supports, both direct and indirect, to artists and arts organisations throughout the county. It fulfils major annual funding commitments to An Grianán Theatre, Earagail Arts Festival, Irish Aerial Dance Festival and the Abbey Arts Centre, as well as to a network of independent arts organisations including Balor Arts Centre and Balor Developmental Community Arts, Amharclann Ghaoth Dobhair, Artlink at Fort Dunree, An Gailearaí, An Cosán Glas artists group and Summer Palace Press. A dedicated Artists Bursaries Scheme was initiated in 2020, under which 88 bursaries have been awarded to individual artists from the county. The initiative is affirmed in the Council's recent Partnership Framework Agreement with The Arts Council. Further significant supports have been channelled to artists via the Creative Ireland and the Decade of Centenaries programmes and the Local Live Performance Programme Support Scheme. The Council has further assisted artists through its commissioning of new work, the creation of artists residencies and professional development opportunities and the provision of platforms for the presentation of artistic work by, in particular, the Regional Cultural Centre (RCC), and also via the Council's directly run festivals programme which includes variously Letterkenny Trad Week, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Cruinníú na nÓg, Heritage Week, Culture Night, Wainfest and the Donegal Bay and Blue Stacks Festival. In addition, collaborative initiatives such as the RCC and Artlink's Donegal Visual Artists Network, have also been especially impactful in this area.

# CUSPÓIR 4

## OIDHREACHT CHULTÚRTHA A CHAOHNÚ AGUS A CHUR CHUN CINN

### Ailtireacht dhúchasach Dhún na nGall a chaomhnú agus a chur chun cinn

Tá an dlús is mó teachíní dúchasacha a mhaireann in Éirinn le fáil i gContae Dhún na nGall. Léirigh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, i gcomhar le Músaem Contae Dhún na nGall, an tlonad Cultúrtha Réigiúnach, Cartlanna Chontae Dhún na nGall agus Féile Ealaíon an Earagail, an taispeántas 'Ar Lorg Teach Dúchasach Dhún na nGall' mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus an chláir Éire Ildánach in 2017. Trí ghrianghraif, léaráidí agus línlíochtaí ó bhailiúcháin áitiúla agus náisiúnta, tarraingíodh aird ar chruthanna agus ar ghnéithe ar leith an tí dhúchasairg i nDún na nGall. Bhí an taispeántas mar chuid den Scoil Samhraidh maidir le Oidhreacht Thóghtha Thrasteoíann 'Comhrá gan Teorainneacha' a d'eagraigh Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh agus Cumann Seoirseach na hÉireann i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Bán agus an Chomhairle Oidhreachta. In 2019, rinne an Chomhairle Oidhreachta agus an Oifig Caomhantais le chéile an Scéim Deontas do Dheisiúchán Tuí de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Tugtar sainchomhairle d'úinéirí maidir le caomhnú a struchtúr ceann tuí agus leithdháiltear maioniú ar dheisiúcháin tuí ar an mhionchóir go bliantúil. Bhain an Scéim Deontas do Dheisiúchán Tuí an "Gradam um Fheabhas i Rialtas Áitiúil" de chuid Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann sa chatagóir 'Oidhreacht agus an Timpeallacht Thóghtha' i mí na Samhna 2020.

# GOAL 4

## CONSERVE AND PROMOTE CULTURAL INHERITANCE

### **Conserving and promoting Donegal's vernacular architecture**

County Donegal is home to one of the largest surviving concentrations of vernacular cottages in Ireland. The County Donegal Heritage Office in association with Donegal County Museum, the Regional Cultural Centre, Donegal County Archives and the Earagail Arts Festival curated and produced the 'In Search of the Donegal Vernacular Cottage' exhibition as part of the implementation of the County Donegal Heritage Plan and the Creative Ireland programme in 2017. Through photographs, illustrations and drawings from local and national collections, the distinctive forms and features of the Donegal vernacular cottage were highlighted. The exhibition also featured in the 'Conservation without Frontiers' Cross-Border Built Heritage Summer School organised by the Ulster Architectural Heritage Society and the Irish Georgian Society in association with Donegal County Council, Derry City and Strabane District Council and The Heritage Council. In 2019, Donegal County Council's Thatch Repair Grant Scheme was co-designed and implemented by the Heritage Office and the Conservation Office. It provides specialist advice to owners on the conservation of their thatched structures and allocates funding for small-scale thatch repairs annually. The Thatch Repair Grant Scheme won the Chambers Ireland Excellence in Local Government Award in the 'Heritage & the Built Environment' category in November 2020.

# CUSPÓIR 5

## CAIDRIMH A CHRUTHÚ LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS COMHPHÁIRTITHE

### Tionscadal forbartha lucht éisteachta/féachana

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Bhán ag obair le chéile ar roinnt réimsí a bhaineann le cultúr. Maidir le *Cultúr*, tionscnamh mór amháin ar fiú aird a tharraingt air atá sa chlár cúig bliana le haghaidh Forbairt Lucht Éisteachta/Féachana, a tháinig i ndiaidh suirbhé mór bonnlíne. Mar gheall ar an tsuirbhé, aithníodh dhá spriocghrúpa – Seandaoine – an sprioc éilimh, agus Teaghlaigh – an sprioc soláthair. Tá Dún na nGall chun tosaigh sa ghné a bhaineann le Seandaoine, ina bhfuil 6 chuid (painéal a bhaineann go sainiúil le cultúr a bhunú, rochtain, oibriú le hOifigigh Aoisbháúla, síneadh a chur le Féile na Bealtaine, cónaitheachtaí i dtithe cúraim, agus scéim compánach cultúir).

Déanfaidh muid leibhéal rannpháirtíochta nó gníomhaíochta a thomhas agus baileoidh muid tuairimí na ndaoine ar na himeachtaí ar fhreastail siad orthu. Beidh níos mó ná 40 compháirtí cultúrtha sa dá cheantar Comhairle páirteach sa bhréithmheas seo. Déanann na compháirtíthe cultúrtha ionadaíocht ar ionaid ealaíne, oidhreachta, leabharlainne agus ionaid chultúrtha eile, chomh maith le fílte agus eagraíochtaí. Tá sé tábhachtach don tionscadal caidreamh a chruthú idir na compháirtíthe cultúrtha chomh maith le idir na Comhairlí agus na compháirtíthe cultúrtha, agus caidreamh a chruthú idir an dá Chomhairle.

# GOAL 5

## BUILDING RELATIONSHIPS WITH STAKEHOLDERS AND PARTNERS

### Audience development project

Donegal County Council and Derry City & Strabane District Council are working together on several culture-related areas. In terms of *Cultúr*, one major initiative to highlight is a five-year Audience Development programme, which was preceded by a major baseline survey. Based on the survey, two target groups were identified – Older People - the demand target, and Families - the supply target. Donegal is leading on the Older People's strand which consists of 6 elements (setting up a culture specific panel, accessibility, working with Age Friendly Officers, extension of the Bealtaine festival, residencies in care homes, and a cultural companions scheme).

We will measure levels of engagement or activity and we will gather people's perceptions of the events they have attended. This evaluation will involve over 40 cultural partners in both Council areas. The cultural partners represent arts, heritage, library and other cultural venues, festivals and organisations. Building the relationship between the cultural partners as well as between the Councils and the cultural partners is an important aspect of the project, as is building the relationship between the two Councils.

# CUSPÓIR 6

## SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA INBUHUAITHE AR ARDCHAIGHDEÁN

### Nuálaíocht chultúrtha

Tá ról nuálaíochta cultúrtha ag éirí níos tábhacthaí in Éirinn sa lá atá inniu ann agus tá an Rannán Cultúir ar thús cadhnaíochta san athrú sochaíoch seo. Rinne rannpháirtíocht ar líne le linn Covid-19 an tírdhreach cultúrtha a athrú go hiomlán agus chuaigh gach ceann dár seirbhísí in oiriúint don timpeallacht nua seo le cláir hibrideacha den chéad scoth.

Aithníodh an ICR mar 'cheannródaí cruthaitheach' as scéim nuálach 'Ealaíontóir Cónaithe Fíorúil' a thabhairt isteach go luath in 2019 agus as spáis meán sóisialta agus teicneolaíochtaí físchluiche, amhail Minecraft, a athrú ina ngailearaithe digiteacha agus ina n-ionaid ceolchoirmeacha.

Chuir an Oifig Ealaíón, an tSeirbhís Leabharlainne agus an ICR ceolchoirmeacha, féilte agus ceardlanna ar ardchaighdeán ar fáil ar líne, rud a chruthaigh lucht éisteachta/féachana nua idirnáisiúnta trí Dhún na nGall agus a scata mór ealaíontóirí, ceoltóirí, aisteoirí agus scéalaithe a chur ar ardán domhanda fíorúil.

Chuir na seirbhísí Músaem agus Cartlainne cláir mhórscála oideachais ar fáil ar líne, le tacaíocht ó Síocháin IV, agus forbraíodh modhanna le deiseanna rannpháirtíochta, ar bhonn digiteach agus fiúntach, a chruthú do lucht éisteachta/féachana idirghluine.

Tá na seirbhísí ar fad ag síorchruthú ábhar beochana agus scannán a scaiptear go forleathan agus atá ar ardchaighdeán.

Leanfaidh an Rannán Cultúir ar aghaidh leis an chur chuige hibrideach rathúil seo, trí imeachtaí cultúrtha ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus lucht éisteachta/féachana a spreagadh inár bhfoirgnimh, inár spáis chomhroinnte phobail, agus i spáis nua ar líne.

## GOAL 6

## SUSTAINABLE HIGH QUALITY CULTURAL SERVICES

### Cultural innovation

Cultural innovation plays an increasingly integral role within contemporary Irish society and the Culture Division has been at the forefront of this societal shift. Online engagement during Covid-19 transformed the cultural landscape and each of our services adapted to this new environment with world-class hybrid programmes.

The RCC was nationally recognised as being 'a creative trailblazer' for introducing an innovative Virtual Artist-in-Residence scheme during early 2019 and transforming social media spaces and video-game technologies, such as Minecraft, into digital galleries and concert venues.

The Arts Office, Library Service and RCC delivered high-quality online concerts, festivals and workshops, building new international audiences by placing Donegal and its rich array of artists, musicians, actors and storytellers on a virtual global stage.

The Museum and Archives services have successfully delivered large-scale Peace IV supported educational programmes online, developing methods of creating meaningful digital engagement opportunities for intergenerational audiences.

All services are continuously producing animation and film content that is widely disseminated and of an exceptional standard.

The Culture Division will continue to build on this successful hybrid approach, delivering high-quality cultural events and engaging with audiences in our buildings, in our shared community spaces, and in new online spaces.





# COMHTHÉACS BEARTAIS POLICY CONTEXT



## AGUS AN STRAITÉIS CHULTÚIR SEO Á HULLMHÚ, TÁ AN RANNÁN CULTÚIR AIREACH AR, AGUS FREAGRÚIL DO, NA BEARTAIS SEO A LEANAS.

### CREAT BEARTAIS ÁITIÚIL

#### Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall 2020 – 2024

“Oibriú chun sochaí láidir, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a chruthú i nDún na nGall ina bhfuil geilleagar iomaíoch agus nuálach agus pobail rachmasacha, caighdeán ard na beatha lán le cultúr a chothú do chách”.

#### Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018 – 2024

“Oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an Chontae a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú do na glúnta atá le teacht, agus meas agus rochtain ar na hacmhainní seo, agus taitneamh a bhaint astu, a spreagadh”. **Caibidil 7**

Caighdeán na beatha is fearr a sholáthar i nDún na nGall ar bhealach atá ionchuimsitheach go sóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, trí na nithe a leanas a chinntiú;

- Cuirtear bonneagar sóisialta, pobail agus cultúrtha atá ar ardchaighdeán ar fáil ag suímh inbhuanaithe ina mbeidh an tseirbhís is fearr ar fáil do phobail.
- Cosnaítear agus neartaítear acmhainní cultúrtha an chontae, agus bonn teangeolaíoch agus beocht shocheacnamaíoch na Gaeltachta, le linn forbartha amach anseo”. **Caibidil 11**

#### Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Dhún na nGall 2016 – 2022

“Meas a bheith againn ar ár gcultúr agus ár n-acmhainn chruthaitheach, iad a chothú agus a chur chun cinn”.

**Cuspóir tosaíochta 3**



## IN PREPARING THIS CULTURE STRATEGY, THE CULTURE DIVISION IS INFORMED BY AND RESPONSIVE TO THE FOLLOWING POLICIES.

### LOCAL POLICY FRAMEWORK

#### Donegal County Council's Corporate Plan 2020 – 2024

“Working to build a strong, sustainable and inclusive society in Donegal with a competitive and innovative economy and prosperous communities, fostering a culturally-rich and excellent quality of life for all”.

#### Donegal County Development Plan 2018 – 2024

“To conserve, protect and enhance the County’s natural, built and cultural heritage for future generations and encourage appreciation, access and enjoyment of these resources”. **Chapter 7**

“To provide an optimal quality of life in Donegal in a socially inclusive and environmentally sustainable manner by ensuring that;

- High quality social, community and cultural infrastructure is provided at sustainable locations where they can best serve communities
- Future development protects and strengthens the cultural assets of the county, and the linguistic base and socio-economic vibrancy of Gaeltacht areas”. **Chapter 11**

#### Donegal County Local Economic and Community Plan 2016 – 2022

- “To Value, Sustain and Develop Our Culture and Creative resource”. **Priority Goal 3**



Tacaíonn an Cultúr le Chéile leis na spriocanna forbartha sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall mar a léirítear thíos:



Imríonn comhthéacs níos leithne reachtaíochta agus beartais náisiúnta tionchar ar an Cultúr le Chéile fosta.

Treoraítear soláthar seirbhísí agus cumasaítear caomhnú ár n-oidhreachta trí reachtaíocht. Ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon, tá réimse beartas agus straitéisí lena dtreoraítear an dóigh a soláthraíonn an Rannán Cultúir a chlár agus a ghníomhaíochtaí i réimsí amhail rochtain, rannpháirtíocht, gníomh aeráide, turasóireacht, forbairt eacnamaíoch agus phobail. Tá an reachtaíocht agus na beartais a úsáideadh liostaithe sna hAguisíní.

Cultúr le Chéile supports the wider social, cultural and economic development aims of Donegal County Council as illustrated below:



Cultúr le Chéile is also informed and shaped by a wider national legislative and policy context. Legislation directs the provision of services and enables the preservation of our heritage. At both a local and national level there are a variety of policies and strategies which guide how Culture Division delivers its programmes and activities in areas such as access, engagement, climate action, tourism, economic and community development. The legislation and policies consulted are listed in the Appendices.



# CUR CHUIGE APPROACH





**Ba phróiseas comhoibríoch í forbairt an phlean straitéisigh seo ina raibh Foireann an Rannáin Chultúir, páirtithe leasmhara taobh istigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus an pobal páirteach, chomh maith leis an chomhthéacs reachtaíochta agus beartais do chultúr. Is léir ón leibhéal ard aiseolais agus rannpháirtíochta ó na comhairliúcháin seo go bhfuil an-suim i gcultúr sa Chontae cheana, agus dúthracht dó.**

## I measc na bpriomhchéimeanna bhí na nithe seo a leanas:

### Comhairliúchán taobh istigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tharla agallaimh taobh istigh d'Foireann an Rannáin Chultúir agus d'aonaid eile a bhaineann le Turasóireacht agus Forbairt Eacnamaíoch, Forbairt Phobail, Oifig Fointair Áitiúil, Athrú Aeráide, Pleanáil agus Caomhantas agus Teicneolaíocht Faisnéise.

### Suirbhé Poiblí

Rinneadh suirbhé poiblí dátheangach chun aiseolas agus léargas a bhailíú. Scaipeadh an suirbhé go forleathan trí lónraí fairne, trí Lónraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP), trí na meáin chló áitiúla agus trí na meáin shóisialta.

### Creat Straitéiseach

Tar éis anailís ar thorthaí an chomhairliúcháin agus an tsuirbhé, forbraíodh cuspóirí, bearta agus thorthaí straitéiseacha chun tacú le cur i bhfeidhm, monatóireacht agus measúnú an phlean straitéisigh.

**The development of this strategic plan was a collaborative process involving the Culture Division Team, stakeholder engagement within Donegal County Council, a public survey and the legislative and policy context for culture. The high level of feedback and engagement from these consultations is testament to the interest and dedication to culture that already exists in the County.**

## The key steps included:

### Consultation within Donegal County Council

Interviews took place within the Culture Division Team and the wider units of Tourism and Economic Development, Community Development, Local Enterprise Office, Climate Change, Planning and Conservation and Information Technology.

### Public Survey

A bi-lingual public survey was undertaken to gather feedback and insights. The survey was circulated widely through staff networks, the Public Participation Network (PPN), local print and social media.

### Strategic Framework

Analysis of the consultation and survey findings, and the legislative and policy context, resulted in the development of the strategic goals, actions and outcomes to support the implementation, monitoring and evaluation of the strategic plan.



# TORTHAÍ COMHAIRLIÚCHÁIN CONSULTATION FINDINGS



# COMHAIRLIÚCHÁN TAOBH ISTIGH DE CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL

**Tá achoimre thíos ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn sna hagallaimh le Foireann an Rannáin Chultúir agus le haonaid eile de Chomhairle Contae Dhún na nGall.**

- Infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus i bhforbairt foirne trí fhorbairt chumais, oiliúint agus scileanna chomh maith le líon foirne a mhéadú chun freastal ar riachtanais na seirbhísí
- Maoiniú agus infheistíocht chaipitiúil a mhéadú leis an Rannán Cultúir a chumasú chun cláir agus seirbhísí reatha a sholáthar agus chun glacadh le deiseanna nua scála agus uaillmhéine
- Ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh maidir le luach an Rannáin Chultúir a chur chun cinn agus a chur in iúl do Chomhairle Contae Dhún na nGall, do luchtanna éisteachta/féachana, don phobal agus do phríomhpháirtithe leasmhara
- Oibriú i dtreo comhghuaillíocht agus comhtháthú méadaithe le haonaid eile de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus sineirgí agus comhthionscnamh a fhorbairt trasna réimsí lena n-áirítear comhfhorbairt áite chruthaitheach, turasóireacht chultúrtha, athrú aeráide, frontar áitiúil, fostaíocht agus tionchar eacnamaíoch
- Glacadh le fócas a bhaineann le toradh, sprioc agus soláthar in obair an Rannáin Chultúir agus béim níos mó ar fhianaise an tionchair a ghabháil
- Glacadh le teicneolaíocht nua agus digitíú in obair an Rannáin Chultúir
- Cultúr, oidhreacht agus teanga a chosaint agus a chur chun cinn trasna pobal ionchumsitheach
- Tacú le litearthacht bainte leis an phlean náisiúnta
- Tacú le cruthaitheacht trasna gach aoisghrúpa

# CONSULTATION WITHIN DONEGAL COUNTY COUNCIL

**The key themes that emerged from interviews with the Culture Division Team and the wider units of Donegal County Council are outlined below.**

- **Invest in people and staff development through capacity building, training and skills as well as increasing staff numbers to meet the needs of the services**
- **Increase funding and capital investment to enable the Culture Division to deliver on existing programmes and services and respond to new opportunities of scale and ambition**
- **Take a more proactive role in promoting and demonstrating the value of the Culture Division to Donegal County Council, audiences, the public and key stakeholders**
- **Work towards greater alignment and integration with other units of Donegal County Council and develop synergies and joint initiatives across areas of creative placemaking, cultural tourism, climate change, local enterprise, employment and economic impact**
- **Adopt an outcome, target and delivery focus to the work of the Culture Division with a greater emphasis on capturing impact**
- **Adopt new technology and digitisation across the work of the Culture Division**
- **Promote and protect culture, heritage and language across an all-inclusive community**
- **Support literacy and reading linked with the national plan**
- **Support creativity across all age groups**

# SUIRBHÉ POIBLÍ

**Bhí tionchar ag téamaí a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán taobh istigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall ar an tsuirbhé poiblí agus dearadh é chun tuairimí an phobail a fháil ar a gcuid taithí leis an Rannán Cultúir, ar na seirbhísí cultúrtha a sholáthraíonn Comhairle Contae Dhún na nGall agus ar conas tosaíocht a thabhaírt don obair sin sna cúig bliana amach romhainn.**

Scaipeadh an suirbhé go forleathan trí bhunachar sonraí a bhí ann cheana trasna Fhoireann an Rannán Chultúir agus Chomhairle Contae Dhún na nGall. Gabhadh 379 freagra a léiríonn réimse leathan leasanna éagsúla lena n-áirítear grúpaí pobail, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí oidhreachta, tuismitheoirí, lucht oideachais, ionadaithe tofa agus aosaigh óga. Tháinig freagraí ó gach cearn den chontae ó Dhún na nGall, Inis Eoghain, na Gleannnta, Leitir Ceanainn/Baile na nGallóglach agus Leifear/Srath an Urláir, agus ionadaíocht ó gach aoisghráupa, ó dhaoine faoi 18 mbliana d'aois go níos mó ná 75 bliana d'aois.

## Is iad seo a leanas príomhthortháí an tsuirbhé:

- **Aontaíonn 82%** síud a d'fhreagair go bhfuil na **seirbhísí cultúrtha** a sholáthraíonn Comhairle Contae Dhún na nGall **an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach**
- **Bhain freagróirí leas as gach réimse de na seirbhísí cultúrtha** ó na hEalaíona (61%), Leabharlanna (57%), Músaem (45%), Ionad Cultúrtha Réigiúnach (40%) agus Cartlanna (26%)
- **Aontaíonn 94%** síud a d'fhreagair go bhfuil **neartú agus méadú acmhainní le haghaidh cultúir** le freastal ar riachtanais atá ann cheana agus atá ag fás **an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach**
- **Aontaíonn 87%** síud a d'fhreagair go bhfuil **caighdeán na beatha agus sláinte a fheabhsú** trí éagsúlacht, suim agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcultúr a mhéadú **an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach**
- **Aontaíonn 85%** síud a d'fhreagair go bhfuil **tacú le gairmithe agus grúpaí cultúir** lena gcultúr agus cruthaitheacht féin a fhorbairt agus ómós áite agus féinaitheantas a threisiú **an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach**
- **Aontaíonn 78%** síud a d'fhreagair go

bhfuil **dea-chleachtas a chur chun cinn** maidir le bainistíocht agus forbairt an chultúir **an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach**

- **Aontaíonn 89%** síud a d'fhreagair go bhfuil **luach an chultúir a chur in iúl an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach**
- **Aontaíonn 91%** síud a d'fhreagair go bhfuil sé **an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach** **infheistíocht sa bhonneagar cultúrtha a urrú agus a uasmhéadú**
- **Aontaíonn 77%** síud a d'fhreagair go bhfuil sé **an-tábhachtach** nó **fiorthábhachtach treoir, comhairle, eolas agus tionchar a thabhaírt d'fhorbairt chultúrtha**

## Gabhadh na príomhthéamaí a leanas sa tsuirbhé forsta:

- Cur le rochtain, rannpháirtíocht agus ionchuimsíú ar fud an chontae
- Tacú le cláir atá dírithe ar theaghlaigh, ar dhaoine óga, ar phobail éagsúla agus ar an diaspora
- Tallann áitiúil a fhás agus tacaigh le hoiliúint, meantóireacht agus forbairt scileanna
- An infheistíocht atá de dhíth a mhéadú chun tacú le grúpaí pobail
- Cur chuige dearfach agus ionchuimsitheach a chothú maidir le cultúr traidisiúnta na hÉireann agus leis an Ghaeilge
- Beocht agus éagsúlacht chultúr Dhún na nGall a chur os comhair an phobail
- Naisc níos láidre (go hinmheánach agus go seachtrach) a fhorbairt le tionscail chultúr, turasóireachta, oideachais agus chruthaitheacha
- Straitéis chumarsáide agus bholscaireachta níos fearr a fhorbairt don Rannán Cultúir agus do Chomhairle Contae Dhún na nGall

# PUBLIC SURVEY

**The public survey was informed by the themes that had emerged from the consultation within Donegal County Council and designed to capture the public's views on their experience of the Culture Division, the cultural services provided by Donegal County Council and how that work should be prioritised over the next five years.**

The survey was circulated widely through existing databases across the Culture Division team and Donegal County Council. 379 responses were captured representing a wide range of diverse interests including community groups, arts organisations, heritage groups, parents, educators, elected representatives and young adults. Responses came from across the county from Donegal, Inishowen, Glenties, Letterkenny/Milford and Lifford/Stranorlar, with all age groups represented, from under 18 years of age to over 75 years of age.

## **The key results of the survey are as follows:**

- **82% of respondents agree that the cultural services provided by Donegal County Council's Culture Division are very important or extremely important**
- **Respondents availed of all areas of the cultural services from Arts (61%), Libraries (57%), Heritage (54%), Museum (45%), Regional Cultural Centre (40%) and Archives (26%)**
- **94% of respondents agree that consolidating and growing resources for culture to meet existing needs and growing demands is very important or extremely important**
- **87% of respondents agree that enhancing quality of life and well-being through increasing diversity, engagement and active participation in culture is very important or extremely important**
- **85% of respondents agree that supporting culture professionals and groups to develop their own culture and creativity and reinforce sense of place and identity is very important or extremely important**

- **78% of respondents agree that promoting best practise in the management and development of culture is very important or extremely important**
- **89% of respondents agree that communicating the value of culture is very important or extremely important**
- **91% agree that securing and maximising investment in our cultural infrastructure is very important or extremely important**
- **77% of respondents agree that leading, advising, informing and influencing cultural development is very important or extremely important**

## **The following key themes were also captured in the survey:**

- Broaden access, participation and inclusion across the county
- Support programmes aimed at families, young people, diverse communities and the diaspora
- Grow local talent and support training, mentoring and skills development
- Increase investment required to support community groups
- Foster a positive and inclusive approach to traditional Irish culture and the Irish language
- Showcase the vibrancy and diversity of the culture of Donegal
- Develop greater linkages (internally and externally) with culture, tourism, education and creative industries
- Develop a more effective communication and promotion strategy for Culture Division and Donegal County Council

# CREATE STRATÉISEARCH STRATEGIC FRAMEWORK



